



## Aighneacht chuig Coiste Speisialta an Oireachtais ar Athoscailt Scoileanna agus COVID-19

### An Foras Pátrúnachta

<b>Ainm:</b>	Caoimhín Ó hEaghra
<b>Ról:</b>	Ard-Rúnaí
<b>Eagraíocht:</b>	An Foras Pátrúnachta
<b>Seoladh:</b>	Bloc K3, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara
<b>Fón:</b>	01-6294110
<b>Ríomhphost:</b>	caoimhin@foras.ie
<b>Dáta:</b>	22 Meitheamh 2020

Réamhrá



Fáiltíonn Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge Teoranta roimh an deis aighneacht a dhéanamh maidir le hathoscailt scoileanna agus COVID-19. Is Patrún agus eagraíocht bhainistíochta aitheanta é An Foras Pátrúnachta ar scoileanna lán-Ghaeilge ag an mbun agus an dara leibhéal. Leagtar amach thíos pointí agus ceisteanna a bhraitear gur gá a thabhairt san áireamh agus an earnáil ag díriú ar athoscailt scoileanna don scoilbhliain seo chugainn.

## **1. Dúshlán maidir le hathoscailt na scoileanna agus na nósanna imeachta ais gá iad a chur i bhfeidhm.**

Prótacal glantacháin ag teastáil - Beidh glantachán speisialaithe de dhíth. Ní bheidh sé de chumas ag airíoch/glantóir na scoile é seo a dhéanamh gan oiliúint chuí agus de bharr dianghlantacháin. Beidh breis foirne ag teastáil agus d'fhéadfaí go mbeadh ar scoileanna iompú i dtreo glantóireacht chonartha. Cibé bealach a dhéanfar an glantachán seo beidh costais mhéadaithe ar scoileanna de bharr breis foirne/breis ábhar glantacháin/breis oiliúna/PPE srl. Tá an Roinn ag forbairt cur chugie lárnach chun go mbeidh scoileanna ábalta an tábhar seo a cheannacht. Is gá go mbeadh an cur chuige seo forbartha chomh luath agus is féidir agus go mbeadh sé an soiléir agus éasca do scoileanna é a úsáid.

## **2. Conas a fheidhmeoidh scoileanna faoi scaradh sóisialta**

Is féidir go bhfanfaidh tuistí taobh amuigh de gheataí na scoile agus iad ag bailiú páistí srl. Cúpla rang seachas gach rang sa chlós ag aon am amháin .i. go mbeidh na sosanna ag dul ar aghaidh go leanúnach le linn an lae. Cé go mbeadh tuilleadh uaireanta maoirseachta i gceist anseo, ní bheadh spás sa seomra foirne do na múinteoirí uilig ag aon am amháin.

Is féidir an clós a phéinteáil sa chaoi go mbeidh níos lú daltaí ag meascadh agus bealaigh isteach agus amach éagsúla a úsáid.

Déanfar prótacál éagsúil a chur i bhfeidhm má tá dalta déanach m.sh. nach mbeadh gá leabhar roinnte sínithe isteach le síniú.

Is dóigh freisin go mbeidh múinteoirí, CRSanna agus baill foirne scoile eile i gcatagóirí ardriosca. D'fhéadfadh nach mbeadh baill foirne i gcatagóirí den sórt sin in ann filleadh ar thimpeallacht shóisialta idirghníomhach ar nós scoile. Tá ceist ann an mbeidh ionadaithe ceadaithe i gcúinsí mar sin? Fiú dá mbeadh siad ceadaithe, d'fhéadfadh sé seo deacracht phraiticiúil a chruthú do roinnt



scoileanna i gcúinsí ina bhfuil ganntanas soláthair múinteoirí ann cheana féin. Is fachtóir suntasach féideartha é an easpa foirne teagaisc a bheith ar fáil do theagasc seomra ranga agus na dúshláin atá le sárú maidir le scoileanna a athoscailt á mbreithniú.

Tá imní ann maidir leis an riosca féideartha do Bhord Bainistíochta maidir le héileamh díobhála pearsanta Covid 19 mar thoradh ar athoscailt scoileanna. D'fhéadfadh Boird Bainistíochta a bheith nochtaithe ina leith seo toisc, in ainneoin go bhfuil gach beart réamhchúraim agus na córais ghlantacháin is láidre i bhfeidhm, ní féidir a chinntiú nach ndéanfaidh aon duine sa scoil an víreas Covid 19 a tholghadh. Tugaimid faoi deara go bhfuil Slánaíocht Stáit tugtha cheana ag an ROS maidir le foireann CRS a athshannadh ó sheomraí ranga dúnta chun obair sa phobal. D'fhéadfadh an Coiste Speisialta breithniú a dhéanamh ar shlánaíocht chomhchosúil a chur i bhfeidhm do Bhoird Bainistíochta maidir le conradh Covid 19 ag aon duine i dtimpeallacht na scoile.

### **3. Tionchar ar mhúinteoirí agus ar bhaill foirne eile**

Ta gá le treoirlínte láithreacha agus tráthúla ón Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le hoscailt na scoileanna i Meán Fómhair. Tá foirne ár scoileanna, go háirithe príomhoidí, spionta mar gheall ar na srianta le linn dhúnadh na scoileanna agus iad ag tabhairt faoi dhúshláin an chiantegaisc, folláine agus imspreagadh na foirne, cúram ceart agus aire cheart a thabhairt da dteaghlach féin srl. Teastaíonn cinnteacht ionas go mbeidh siad in ann pleanáil éifeachtach a dhéanamh agus an sos/faoiseamh atá tuillte acu a thógáil chun go mbeidh an fuinneamh acu chun tabhairt faoi bhliain scoile dhúshlánach eile.

Má tá foghlaim mheasctha le bheith i gceist teastaíonn treoirlínte agus oiliúint shainiúil ó mhúinteoirí. Tá siad oilte le bheith ag múineadh os comhair ranga agus cé gur thug siad go díograisech faoi chiantegaisc in am an ghátair bhí sé deacair in go leor cásanna ionchais threoirlínte foilsithe na Roinne a shásamh.

Cibé seans a bheadh ag scoileanna nuathógtha oscailt faoi shrianta fhadaithe shóisialta tá dúshláin bhreise os comhair scoileanna atá lonnaithe i seanchóiríocht lochtach má tá siad chun oscailt i mí Mheán Fómhair.

### **Cumarsáid ón Roinn agus eagrais a bhíonn ag freastal ar an earnáil oideachais.**

Tá ardmholadh ag dul d'oifigigh na Roinne agus na heagrais eile a chuidíonn le scoileanna as an méid atá déanta agus bainte amach ó dúnadh na scoileanna de bharr COVID-19. Bhí an oiread sin



ceisteanna le freagairt, treoir le forbairt agus cinntí le tógáil chun go bhféadfadh scoileanna feidhmiú agus tacú lena bpobail. Go minic bhí brú ama bainteach leis an obair seo mar a chonaiceamar leis an Ardteist, lónta i scoileanna DEIS srl. Cruthaíonn an gá eolas a sholáthar don earnáil brú é a eisiúint chomh tapa agus is féidir.

Faoi láthair tá cur chuige go bhfantar go bhfuil an cháipéis críochnaithe go hiomlán sula lorgaítear é a aistriú go Gaeilge. De bharr an bhrú, eisítear an leagan Béarla gan fanacht leis an leagan Gaeilge. Ciallaíonn sé seo go bhfuil dúshlán bhreise leagtha ar scoileanna lán-Ghaeilge mar tá an bhrú céanna ar na scoileanna seo freastal ar a bpobail agus atá ar scoileanna a fheidhmíonn tré Bhéarla. Mura bhfuil an leagan Gaeilge ar fáil tá orthu cinneadh a thógáil fanacht leis an leagan Gaeilge, an t-ábhar a aistriú iad féin nó an leagan Béarla a úsáid. Ciallaíonn sé seo moill, breis obair nó fiú ionsaí ar shainspiorad na scoile má thosaítear ag dul i ngleic agus agus ag plé le hábhar trí Bhéarla.

**Iarraimid ar an Roinn an córas a leasú chun cinntiú go n-eisítear gach cáipéis go dátheangach ag an am céanna.**

#### **4. Tionchar ar pháistí agus ar thuismitheoirí**

Cén socrú a bheidh ann do naíonáin nua ar an gcéad lá scoile? An mbeidh cead ag tuistí dul isteach sa scoil leo?

Beidh scaradh sóisialta deacair le bainistiú i measc daltaí óga. An mbeidh solúbthacht ag scoileanna maidir le hacmhainní m.sh. Leithdháileadh múinteoirí oideachais speisialta go mbeidh scoileanna in ann ranganna níos lú a dhéanamh má tá an spás acu.

Braitheann seachadadh an teagaisc agus na foghlama lasmuigh den seomra ranga, agus úsáid cianfhoghlama agus ardáin TF éagsúla, ar infhaighteacht leathanbhanda. Glactar leis go bhfuil rochtain ag gach leanbh, agus é sa bhaile, ar ghairesas agus ar leathanbhanda. Níl sé seo fíor i gcásanna go leor. Tá daltaí agus múinteoirí a bhfuil cónaí orthu faoin tuath in Éirinn srianta agus faoi mhíbhuntáiste toisc nach bhfuil leathanbhanda neamhiontaofa ar fáil agus go minic sa chás go bhfuil tá an nascthacht lag. Is fachtóir suntasach teorannaithe é seo ar cháilíocht agus ar chomhsheasmhacht an tsoláthair oideachais ar fud na tíre. Cruthaíonn sé seo éagothroime i seachadadh an oideachais.



## **5. Tionchar ar an oideachas speisialta**

Tá inní ann faoin tionchar atá ag seachadadh an teagaisc agus na foghlama nach bhfuil bunaithe sa seomra ranga ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Bíonn tionchar mór ag na hathruithe de bharr Covid 19 ar na daltaí seo. Ní oirfidh meascán d'fhoghlaim sa seomra ranga agus ar líne do na daltaí seo. Tá inní ann freisin nach leanfar le soláthar tacaíochtaí cearta do dhaltaí a bhfuil RSO acu. Tá inní ann go mbeidh sé an-deacair post an Chúntóra Riachtanas Speisialta (CRS) a dhéanamh de bharr an scartha shóisialta. Beidh comhairle speisialtóra ag teastáil ó scoileanna maidir leis seo.

## **6. Buntáistí agus Míbhuntáistí/Dúshlán maidir le tinreamh agaithe féideartha**

Níl sé praiticiúil i gcás teaghlaigh a bhfuil níos mó ná páiste amháin acu sa scoil. Cúrsaí iompair/bus, bheadh sé an dúshlanach sa chás thuas cúrsaí taistil a shocrú ar bhonn éifeachtúil/sásúil. Ganntanas áiteanna cúraim leanaí i gcás tuismitheoirí nach bhfuil sa bhaile.

## **Críoch**

Tríd is tríd is cinnteacht agus soiléireachta atá á lorg ag an earnáil agus iad ag ullmhú don athoscailt. Is gá tacú le scoileanna tríd an chinnteacht seo a chur ar fáil chomh tapaidh agus is féidir.